



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 25.8.2020
COM(2020) 431 final

2020/0203 (NLE)

Togra le haghaidh

RIALACHÁN ÓN gCOMHAIRLE

**lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/2236 ón gComhairle an 16 Nollaig 2019 ina
socraítear le haghaidh 2020 na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic éisc áirithe
agus grúpaí stoc éisc is infheidhme sa Mheánmhuir agus sa Mhuir Dhubh**

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. COMHTHÉACS AN TOGRA

- **Forais agus cuspóirí an togra**

Is gá Rialachán (AE) 2019/2236 ón gComhairle lena socraítear le haghaidh 2020 deiseanna iascaireachta do stoic éisc is infheidhme sa Mheánmhuir agus sa Mhuir Dhubh¹ a mhodhnú ionas go gcuirfear san áireamh modhnúcháin ar bhunlíne na Spáinne i dtaca leis an iarracht iascaireachta a chur san áireamh.

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Tá na bearta atá beartaithe ceaptha i gcomhréir le cuspóirí agus rialacha an Chomhbheartais Iascaigh agus tá siad comhsheasmhach le beartas an Aontais maidir leis an bhforbairt inbhuanaithe.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Tá na bearta atá beartaithe comhsheasmhach le beartais eile de chuid an Aontais, go háirithe leis na beartais i réimse an chomhshaoil.

2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

Is é Airteagal 43(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais bunús dlí an togra seo.

Eascaíonn oibleagáidí an Aontais maidir le saothrú inbhuanaithe beo-acmhainní uisceacha as oibleagáidí a leagtar amach in Airteagal 2 de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle².

- **Coimhdeacht (maidir le hinniúlacht neamheisiach)**

Baineann an togra le hinniúlacht eisiach an Aontais dá dtagraítear in Airteagal 3(1)(d) den Chonradh. Níl feidhm ag prionsabal na coimhdeachta dá bhrí sin.

- **Comhréireacht**

Comhlíonann an togra prionsabal na comhréireachta ar an gcúis seo a leanas: is comhbheartas é CBI. De réir Airteagal 43(3) den Chonradh, tá sé de dhualgas ar an gComhairle na bearta maidir le socrú agus leithdháileadh deiseanna iascaireachta a ghlacadh.

- **An rogha ionstraime**

An ionstraim atá beartaithe: rialachán.

¹ Rialachán (AE) 2019/2236 ón gComhairle an 16 Nollaig 2019 lena socraítear le haghaidh 2020 na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic éisc áirithe agus grúpaí stoc éisc is infheidhme sa Mheánmhuir agus sa Mhuir Dhubh. Féach ar <https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/PDF/?uri=CELEX:32019R2236&from=en>

² Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir leis an gComhbheartas Iascaigh, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1954/2003 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2371/2002 ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 639/2004 ón gComhairle agus Cinneadh 2004/585/CE ón gComhairle (IO L 354, 28.12.2013, lch. 22).

3. **TORTHAÍ Ó MHEASTÓIREACHTAÍ *EX POST*, Ó CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS Ó MHEASÚNUITHE TIONCHAIR**

- **Meastóireachtaí *ex post*/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

Ní bhaineann le hábhar

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Ní bhaineann le hábhar.

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

Ní bhaineann le hábhar.

- **Measúnú tionchair**

Cuireann Airteagal 43(3) den Chonradh teorainn le raon feidhme an rialacháin maidir le deiseanna iascaireachta.

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

Ní bhaineann le hábhar.

- **Ceartha bunúsacha**

Ní bhaineann le hábhar.

4. **IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA**

Ní bheidh aon impleachtaí buiséadacha ag na bearta atá beartaithe.

5. **EILIMINTÍ EILE**

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Ní bhaineann le hábhar.

- **Doiciméid mhíniúcháin (le haghaidh treoracha)**

Ní bhaineann le hábhar.

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

Leis na leasuithe atá beartaithe, féachtar le Rialachán (AE) 2019/2236 ón gComhairle a mhodhnú mar a thuairiscítear thíos.

Cumhdaítear le Plean Bainistithe Ilbhliantúil na Meánmhara Thiar (MAP)³ trál grinnill ón Spáinn, ón bhFrainc agus ón Iodáil agus tháinig sé i bhfeidhm an 27 Meitheamh 2019. Foráiltear in MAP go háirithe do chóras iarrachta le laghdú a dhéanamh ar an iarracht iascaireachta de réir a chéile, a dhéanfar a ríomh bunaithe ar bhunlíne a shocraigh na Ballstáit i gcomhréir leis na critéir a leagtar amach in MAP. Is i Rialachán (AE) 2019/2236 ón

³ Rialachán (AE) 2019/1022 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 lena mbunaítear plean ilbhliantúil do na hiascaigh a shaothraíonn stoic ghrinnill sa Mheánmhuir Thiar agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 508/2014, féach ar <http://data.europa.eu/eli/reg/2019/1022/oj>.

gComhairle a socraíodh an laghdú ar an iarracht a d'fhorordaigh MAP le haghaidh 2020, an chéad bhliain inar cuireadh i bhfeidhm é.

Maidir le ríomh an laghdaithe ar an iarracht, ag deireadh mhí na Bealtaine 2020, chuir an Spáinn an Coimisiún ar an eolas faoi earráid ina gcuid sonraí ar an iarracht iascaireachta, earráid a bhfuil tionchar aici ar an laghdú ar an iarracht iascaireachta, ní hamháin i dtéarmaí mhéid na bunlíne ach mar a dháiltear í idir grúpaí iarracht iascaireachta sa Spáinn. Le linn phróiseas measúnaithe na bunlíne, d'aithin an Spáinn go raibh fadhb leis an ríomh teicniúil a rinneadh agus laethanta iascaireachta á roinnt idir an t-iascach cósta agus an t-iascach domhain (i.e., séacla dearg, ceann de na príomh-spriocspeicis in MAP) i gcás na dturas ag a bhfuil tréimhse nach faide ná lá amháin. Ní dhéanann an modhnú sin ar an ríomh difear do líon iomlán na laethanta iascaireachta don Spáinn maidir leis an iarracht agus ní bhaineann sé ach le cuid bheag de chaiteachas iomlán na dturas agus na soithí. Mar sin féin, bíonn tionchar nach beag aige ar leithdháileadh na laethanta iascaireachta idir an dá iascach, don Spáinn agus do shoithí de chuid na Spáinne.

Níl tionchar ag an modhnú seo ar na Ballstáit eile a chuireann an MAP i bhfeidhm.

Mar sin, chun aon neamhréireacht idir tuairisciú na Spáinne ar a n-iarracht iascaireachta agus méid na hiarrachta iascaireachta a glacadh le haghaidh 2020 sa Rialachán thuasluaite ón gComhairle, is gá an Rialachán maidir le deiseanna iascaireachta le haghaidh 2020 a leasú dá réir, chun na sonraí a cheartú.

Togra le haghaidh

RIALACHÁN ÓN gCOMHAIRLE

lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/2236 ón gComhairle an 16 Nollaig 2019 ina socraítear le haghaidh 2020 na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic éisc áirithe agus grúpaí stoc éisc is infheidhme sa Mheánmhuir agus sa Mhuir Dhubh

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 43(3) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Le Rialachán (AE) 2019/2236⁴ ón gComhairle socraítear le haghaidh 2020 na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic éisc agus grúpaí stoc éisc is infheidhme sa Mheánmhuir agus sa Mhuir Dhubh
- (2) Le Rialachán (AE) 2019/1022 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁵ bunaíodh an plean ilbhliantúil do na hiascaigh a shaothraíonn stoic ghrinnill sa Mheánmhuir Thiar. De bhun Airteagal 4(1) den Rialachán, ba cheart deiseanna iascaireachta do na stoic a liostaítear in Airteagal 1 den Rialachán a shocrú chun básmhaireacht iascaireachta ag uastáirgeacht inbhuanaithe a bhaint amach de réir a chéile ar bhonn forásach incriminteach faoi 2020 i gcás inar féidir, agus faoi 1 Eanáir 2025 ar a dhéanaí. Ba cheart deiseanna iascaigh a shloinneadh i dtéarmaí uasiarracht iascaireachta a shocraítear i gcomhréir leis an gcóras iarrachta iascaireachta a leagtar síos in Airteagal 7 den Rialachán. Ba cheart ríomh a bheith déanta ag gach Ballstát ar an mbunlíne do gach grúpa iarracht iascaireachta nó folimistéar geografach mar an mheániarracht iascaireachta, arna sloinneadh i dtéarmaí líon na laethanta iascaireachta idir an 1 Eanáir 2015 agus an 31 Nollaig 2017 agus ní chuirfear san áireamh ach soithí a bhí gníomhach le linn na tréimhse sin. Le haghaidh 2020, ba cheart uasiarracht iascaireachta a laghdú faoi 10 % le hais na bunlíne a ríomhtar i gcomhréir le hAirteagal 7(4) den Rialachán. Dhearbhaigh na Ballstáit sonraí a n-iarrachtaí bunlíne de réir ranna cabhlaigh agus i dtéarmaí laethanta iascaireachta.
- (3) Le linn phróiseas an mheasúnaithe bunlíne do laghdú na hiarrachta, d'aithin an Spáinn go raibh fadhb leis an ríomh teicniúil a rinneadh agus laethanta iascaireachta á roinnt idir an t-iascach cósta agus an t-iascach domhain (i.e., séacla dearg, ceann de na príomh-spriocspeicis i Rialachán (AE) 2019/1022), i gcás na dturas ag a bhfuil tréimhse nach faide ná lá amháin.

⁴ RIALACHÁN (AE) 2020/2236 ÓN gCOMHAIRLE an 16 Nollaig 2019 lena socraítear le haghaidh 2020 na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic éisc áirithe agus grúpaí stoc éisc is infheidhme sa Mheánmhuir agus sa Mhuir Dhubh (IO L 336, 30.12.2019, lch. 14).

⁵ Rialachán (AE) 2019/1022 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 lena mbunaítear plean ilbhliantúil do na hiascaigh a shaothraíonn stoic ghrinnill sa Mheánmhuir Thiar agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 508/2014 (IO L 172, 26.6.2019, lch. 1).

- (4) Dá thoradh sin, tá gá le leasú a dhéanamh ar ríomh bhunlíne na Spáinne maidir leis an uasiarracht iascaireachta i dtéarmaí laethanta iascaireachta. Ní dhéanann an modhnú sin ar an ríomh difear do líon iomlán na laethanta iascaireachta don Spáinn, ná níl tionchar aige ar na Ballstáit eile a chuireann an plean bainistithe Ilbhliantúil chun feidhme. Mar sin féin, tá an modhnú sin riachtanach chun go seachnófaí aon neamhréireacht idir tuairisciú na Spáinne ar a n-iarracht iascaireachta agus méid na hiascaireachta a leagtar amach i Rialachán (AE) 2019/2236.
- (5) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (AE) 2019/2236 a leasú dá réir.
- (6) Ionas nach gcuirfí isteach ar ghníomhaíochtaí iascaireachta agus chun slí bheatha iascairí an Aontais a áirithiú, ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo ón 1 Eanáir 2020 ar aghaidh. Ar chúiseanna práinne, ba cheart an Rialachán seo a theacht i bhfeidhm láithreach tráth a fhoilsithe.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1 *Leasú an Rialacháin (AE) 2019/2236*

In Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 2019/2236 ón gComhairle, sa roinn a thagraíonn do “Uasiarracht iascaireachta i laethanta iascaireachta” cuirtear an méid seo a leanas isteach in ionad tábla (a):

“Muir Alboran Thuaidh, na hOileáin Bhailéaracha, Tuaisceart na Spáinne, Murascaill an Leoin (FLGanna 1-2-5-6-7)

Stocghrúpa	Fad foriomlán na soithí	An Spáinn	An Fhrainc	An Iodáil	Cód an ghrúpa iarrachta iascaireachta
Lannach riabhach i bhfolimistéir gheografacha (FLGanna) 1, 5, 6 agus 7; colmóir in FLGanna 1-5-6-7; rós-séacla domhainmhara in FLGanna 1, 5 agus 6; Gliomach na hIorua in FLGanna 5 agus 6.	< 12 m	2 260	0	0	EFF1/MED1_TR1
	≥ 12 m agus < 18 m	24 284	0	0	EFF1/MED1_TR2
	≥ 18 m agus < 24 m	45 563	5 144	0	EFF1/MED1_TR3
	≥ 24 m	16 047	6 258	0	EFF1/MED1_TR4
Séacla gorm agus dearg in FLGanna 1, 5, 6 agus 7.	< 12 m	0	0	0	EFF2/MED1_TR1
	≥ 12 m agus < 18 m	1 139	0	0	EFF2/MED1_TR2
	≥ 18 m agus < 24 m	11 535	0	0	EFF2/MED1_TR3
	≥ 24 m	9 260	0	0	EFF2/MED1_TR4

”

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón Dé 1 Eanáir 2020.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán*